


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Scoil an Leighis Tréidliachta UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair** (más ábhartha): | **Intéirneach i Staidéar Cliniciúil Capaill x4** |
| **Tréimhse an Phoist:** | Sealadach – Bliain Amháin |
| **Bainisteoir Líne:** | Ceann Scoile nó Ainmní |
| **Grád:** | Máinlia Tí |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 019339 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna:** | Natalia McDonagh |
| **Costais Athlonnaithe:** | Ní bhaineann |
| **Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána:** | Ní bhaineann |

## Achoimre ar an bPost:

Tá Ospidéal Tréidliachta Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCDVH) ag lorg céimí tréidliachta, a bhfuil céim acu gur féidir clárú leis an gComhairle Tréidliachta in Éirinn. Is éard atá i gceist leis an ról seo ná Intéirneach i Staidéar Cliniciúil Capaill. Maireann an intéirneacht ar fead bliana, a bhíonn ag rothlú idir Máinliacht Capaill agus Leigheas/Seirbhísí Atáirgthe Capaill.

Is intéirneacht rothlach í seo, ina mbeidh an t-iarrthóir rathúil ag obair le Seirbhísí Máinliachta Capaill agus Leighis/Atáirgthe. I measc na bpríomhfhreagrachtaí, tá: diagnóisic agus cúram othar ospidéil, dualgas éigeandála, agus cúnamh a thabhairt le scrúduithe bacaí, gnáthaimh leighis, gnáthaimh atáirgthe, gnáthaimh ainéistéise agus máinliacht.

Tá ról ríthábhachtach riaracháin ag intéirnigh i mbilleáil chruinn agus i gcoimeád taifead leighis cuí. Freisin, is baill thábhachtacha den fhoireann teagaisc iad na hintéirnigh sna disciplíní cliniciúla a bhfuil freagrachtaí teagaisc orthu.

**Teagasc:**

- Leithdháileadh cásanna cliniciúla ar mhic léinn.
- Cásanna a phlé le mic léinn, i gclinicí , agus i ranganna teagaisc de réir mar a bhí sceidealaithe, lena n áirítear, freagrachtaí cóireála a eagrú.
- Maoirseacht agus cúnamh a thabhairt do mhic léinn le linn gnáthaimh leighis agus babhtaí cóireála.
- Cúnamh a thabhairt le measúnú a dhéanamh ar mhic léinn ar rothlú.

**Ospidéal Tréidliachta UCD:**

- Cásanna a chlárú, de réir an pholasaí rialaithe ionfhabhtaithe.
- Gnáthchumarsáid leis an gcliant agus leis an tréidlia atreoraithe, lena n-áirítear comhairle a thabhairt do chliaint maidir leis an gcás, cúram iar-ospidéil agus iarchúram, i gcomhar le Cliniceoirí.
- Cliaint a chur ar an eolas faoi na táillí ar na seirbhísí nuair a thagann siad isteach, agus iad seo a bhailiú i gcomhar leis an bhfoireann riaracháin.
- Taifid ospidéil a choinneáil, agus a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí go léir taifeadta go laethúil, lena n-áirítear, praghsáil gnáthaimh a chur ar bhogearraí bainistíochta an chleachtais.
- Drugaí agus ionstraimí a choinneáil faoi choinníollacha slána de réir pholasaí an Ospidéil.
- Clár na nDrugaí Rialaithe a choinneáil cothrom le data.
- Iarracht chomhbheartaithe a dhéanamh chun dea-chaidreamh a fhorbairt agus a chothabháil le tréidlianna agus cliaint atreoraithe, agus cabhrú le híomhá dhearfach na Scoile agus an Ospidéil a chur chun cinn.

- Cúram iomlán a sholáthar d'othair chónaitheacha san ospidéal.
- Dul i gcomhairle le Cliniceoirí maidir le cóireáil agus cúram other.
- Othair a scaoileadh saor le comhairle agus cógais chuí.
- Freastal ar cruinnithe scolártha agus ar sheimineáir, nuair a bhíonn na príomhdhualgais curtha i gcrích.
- Liostaí cóireála a chomhordú le hAltraí, Cónaitheoirí, agus Cliniceoirí.
- Cabhrú le Cliniceoirí le gnáthaimh éagsúla.
- Gnáthaimh dhiagnóiseacha rialta a dhéanamh le cúnamh ó mhic léinn agus/nó maoirseacht foirne.

**Dualgais oíche, deireadh seachtaine agus laethanta saoire**:
- Déanfaidh an t-intéirneach 'ar dualgas' gach cúram rialta agus dianchúram d'othair atá san ospidéal a bhainistiú agus teacht orthu ar chúnamh ó chónaitheoirí agus ó chliniceoirí nuair is gá.
- Déanfaidh an t-intéirneach ar dualgas aon chásanna nua/éigeandála a ligean isteach, a chobhsú, agus a chóireáil faoi mhaoirseacht chónaitheoirí agus chliniceoirí.
- Déanfaidh an t-intéirneach maoirseacht ar mhic léinn lasmuigh d'uaireanta oibre san Ospidéal.
- De ghnáth, rothlóidh dualgais deireadh seachtaine agus oíche idir intéirnigh ar uainchlár 1 as 3.

**Seimineár Intéirneach:**
- Táthar ag súil go gcuirfidh an t-intéirneach seimineár i láthair ar ábhar roghnaithe. Féadfar an saothar seo a thiontú ina fhoilseachán eolaíoch nuair is féidir.

**Ginearálta:**
- Beidh na hintéirnigh páirteach i ndualgais lae agus oíche araon.
- Maireann an conradh ar feadh bliana
- Roinnfidh na hintéirnigh an dualgas le linn tréimhsí Laethanta Saoire Poiblí.
- Níl aon liúntas comhdhála ná oiliúna ar leith bainteach leis an bpost seo.

**Tuarastal: 95 House Surgeon_2010 (5212_X): €33,912 in aghaidh na bliana**

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó chách. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do chách. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

**Critéir Roghnúcháin**
Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

- Céim Tréidliachta gur féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann (https://www.vci.ie/).
- Suim sa teagasc fochéime.
- Ardleibhéal Béarla labhartha agus scríofa.
- Eolas ar chapaill agus ar thionscal na gcapall.
- Scileanna eagrúcháin, cumarsáide agus idirphearsanta den scoth.
- Cumas oibriú go héifeachtach mar bhall foirne.

Inmhianaithe:

- Taithí cliniciúil roimhe seo i gcúrsaí capaill.
- Scileanna maithe ríomhaireachta agus eolas maith ar Microsoft Office, ríomhphost agus an t-idirlíon.
- Gnóthachtáil acadúil os cionn an mheáin i scoil tréidliachta.
- Suim i dtaighde cliniciúil.

**Eolas Breise:**

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2030 Teorainneacha a Shárú | https://strategy.ucd.ie/ |
| An Coláiste/Aonad Bainistíochta: | https://www.ucd.ie/chas/ |
| Scoil/ Oifig an Chláir/ an Aonaid: | www.ucd.ie/vetmed<br>http://www.ucd.ie/vthweb/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ag UCD: | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmiúla AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Dr Clodagh Kearney |
| Teideal: | Ollamh Cúnta i Máinliacht Ainmhithe Móra, Ceannaire Disciplíne |
| Seoladh ríomhphoist: | clodagh.kearney@ucd.ie & Vivienne.duggan@ucd.ie |

**Coinníollacha sainiúla don phost seo (más ann):**

- Ní mór don té a cheapfar céim sa tréidliacht a fháil gur féidir a chlárú le Comhairle Tréidliachta na hÉireann (ceadaítear clárú teoranta in imthosca áirithe).
- Ní mór don té a cheapfar, taithí leordhóthanach a bheith acu chun bheith in ann cúram iar-ama a sholáthar do réimse othar atá ina n-ainmhithe beaga, othair dhianchúraim san áireamh.
- Is é **Samhradh 2026** an dáta tosaithe don ról seo **(4 phost – dátaí tosaithe agaithe).**
- Is é an conradh ar feadh **(53 seachtaine).**
- Níl aon liúntas comhdhála nó oiliúna ar leith ag baint leis an bpost seo.